2025/2408

2.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2408 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134 maidir le bearta chun cosc a chur ar *Spodoptera frugiperda* (Smith) a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a bhunú agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a mhéid a bhaineann le tréimhse chur i bhfeidhm forálacha áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a), (b), (d), (e), (f), (h) agus (i), Airteagal 41(2) agus Airteagal 72(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134 ón gCoimisiún ([2]) suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Spodoptera frugiperda* (Smith) ('an lotnaid shonraithe') laistigh de chríoch an Aontais a chosc.

(2) Tá feidhm ag an Rialachán Cur Chun Feidhme sin go dtí an 31 Nollaig 2025 chun deis a thabhairt tuilleadh meastóireachta agus athbhreithnithe a dhéanamh ar leathadh na lotnaide sonraithe, ar na cásanna de neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le láithreacht na lotnaide sonraithe agus ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh i gcríoch an Aontais.

(3) Agus é á chur san áireamh go mbaineann tabhairt isteach plandaí áirithe leis an riosca go leathfadh an lotnaid shonraithe san Aontas, liostaíodh na plandaí sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134, faoi réir ceanglais speisialta maidir lena n-allmhairiú. Ar bhonn an athbhreithnithe dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart na ceanglais speisialta lena mbaineann maidir le pleananna teagmhais, limistéir chríochaithe, bearta díothaithe agus tuairisciú a choinneáil gan teorainn ama, ós rud é, de réir na taithí atá ann cheana, gurb iad is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar riosca na lotnaide sonraithe.

(4) Mar sin féin, na ceanglais maidir le torthaí *Capsicum* L., *Momordica* L., *Solanum aethiopicum* L., *Solanum macrocarpon* L. agus *Solanum melongena* L., plandaí *Asparagus officinalis* L. a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de, seachas gais a bhíonn cumhdaithe le hithir ar feadh a saolré iomláine, pailin bheo, saothráin agus síolta fíocháin plandaí, agus plandaí *Zea mays* L., seachas pailin bheo, saothráin fíocháin plandaí, síolta agus gráin, ba cheart feidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2028. Tá gá leis sin chun am a thabhairt chun measúnú breise a fháil ar chonairí na lotnaide sonraithe, agus ar na bearta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca físeashláintíochta lena mbaineann.

(5) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2023 maidir le bearta chun cosc a chur ar *Spodoptera frugiperda* (Smith) a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a bhunú agus a leathadh laistigh de, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/638 (IO L 149, 9.6.2023, p. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1134/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1134:

'*Airteagal 15*

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 11 ón 31 Nollaig 2028.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN